© IONAD NA GAEILGE LABHARTHA EAGARTHÓIR:NUALA DE BÚRCA

Táillí Ollscoile

Oideachas saor in aisce? Ní dóigh liom é. Tá cearta oideachais ag gach aon duine ar fuaid na cruinne ach tá baol ann nach amhlaidh a bheidh an scéal in Éirinn má ardaítear na táillí ollscoile. Tá plé mór á dhéanamh ar na táillí ollscoile a ardú. An gceapann lucht rialtais na tíre seo go bhfuil fuílleach airgid ag mic léinn, atá ag strácáil leo chun díol as cíos agus as a gcuid bídh?

Ar an drochuair, tá costas cíosa an-ard sa tír seo. Ní bhíonn cosmhuintir na tíre in ann íoc as seo go minic. Bíonn costaisí breise ar mhic léinn chomh maith: costaisí sóisialta, bídh, aibhléise agus taistil san áireamh. Má thagann ardú ar na táillí ollscoile beidh an-chuid mac léinn nach mbeidh in ann freastal ar an ollscoil. Ní bheidh an t-oideachas atá á gheallúint ag an Rialtas dóibh á fháilt acu.

Bhí fearg na mac léinn le brath go láidir nuair a d'fhreastail seacht míle mac léinn déag ar an mórshúil i mBaile Átha Cliath le déanaí. Tuigimid nach mbeidh an dara rogha ag mórán mac léinn ach an t-oideachas a fhágaint taobh thiar díobh má ardaítear na táillí seo. Ní féidir an seanfhocal a shárú “Ní neart go cur le chéile” agus beidh orainn seasamh a thógaint le chéile amach anseo chuin na táillí seo a ísliú.

Orla Ní Shíthigh.

CEANTAR GLAS MHÚSCRAÍ

Turas go Gaeltacht Mhúscraí

Chuaigh grúpa mac léinn idirnáisiúnta ar turas go Gaeltacht Mhúscraí le déanaí. Bhí na mic léinn seo ag gabháilt don chúrsa GA1120.
B'fhíorthosnaitheoirí iad is do bhí fonn orthu blaiseadh a fháil de shaol na Gaeltachta. I measc na n-imeachtaí a bhí eagraithe dóibh bhí turas go reilig Ghobnatan, an tobar beannaithe, dealbh Ghobnatan, dealbh Sheáin Uí Riada, céilí agus seisiún amhránaíochta. Ba é 'Táimse is Máire' amhrán an lae.
D'eagraigh Concubhar Ó Liatháin is Comharchumann Forbartha Mhúscraí na himeachtaí i gcomhar le hIonad na Gaeilge Labhartha, COC.

Drámaí san Athbhliain
Bígí linn!
cumannd@uccsocieties.ie

Ceol Traidisiúnta
Ceolchoirm gach Céadaoin
13.00 sa Seomra Caidrimh

Gradam na Gaeilge

Duais €1000

Ar oscailt do mhic léinn cláraithe uile na hOllscoile
Do mhic léinn a dheineann a seacht ndícheall chun an Ghaeilge a chur chun cinn

Eolas ar fáil:
Oifig na Gaeilge Labhartha
Seomra G02
Áras Uí Rathaille

Dáta deireanach le cur isteach ar an nGradam:
Dé hAoine 16 Márta 2012

Teil: 021-4902314
Facs: 021-4903329
Post L: g.labh@ucc.ie

Urraithe ag Banc na hÉireann

Clár Ghael-Taca

Gach Déardaoin
16.00
Raidió Campus
97.4fm
http://www.ucc.ie/ccr/

Gach Satharn 8.00
Cork FM
100.5 FM

Podchraoltaí:
http://gael-taca.com/ga/node/17

ÁRAS UÍ THUAMA

Spraoi Cois Laoi

Bhí an gabhar á róstadh ag muintir Áras Uí Thuama san Óstán Silversprings le déanaí. D'oscail Micheál Ó Muircheartaigh an fhéile ann. Labhair sé go spreagúil leis na mic léinn. Mhol sé dúinn a bheith misniúil is "dána" is é sin ná a bheith cróga: nithe nua a thriailt, áiteanna nua a fheiscint, aithne a chur ar dhaoine difriúla agus gan dabht, leanúint ar aghaidh leis an nGaolainn agus leis an spórt. Bhí sé thar a bheith sásta le léine spóirt COC, a bhronn reachtaire na Cuallachta, Ruth Nic Ginneá air. Chaith sé an-tamall ag caint leis na mic léinn. Is fear uasal é Micheál Ó Muircheartaigh agus bhí oíche thar na beartaibh ag gach éinne! Comhghairdeachas le coiste na Cuallachta as oíche iontach a eagrú.

An Chuallacht

Gach Máirt

1.00 sa Seomra Caidrimh, ORB

“Táimid ar fad ‘Ríordánaithe’ i gan fhios dúinn sa tslí ná haithnímid ár gcuid féin seachas a chuid siúd.”

“Seo uacht liteartha an Ríordánaigh, a bhain ‘geit’ as agus a ‘Ríordánaigh’ nuafhilíocht na Gaeilge is a d’athraigh ó bhonn aníos í.”

Deinimis comhghairdeachas le Seán Ó Coileáin, Ollamh Emeritus le Nua-Ghaeilge, UCC, as an leabhar nua atá curtha in eagar aige, Seán Ó Ríordáin: Na Dánta, a sheol an file, Dr. Louis de Paor le déanaí. Ócáid na bliana anso timpeall a bhí ann, gan aon agó. Bhí an cion agus an meas atá ag gach éinne ar an ndá Sheán, Seán Ó Coileáin is Seán Ó Ríordáin (1916-77) le brath go mór sa tSeomra Caidrimh ar 8 Nollaig. Ba dheas go raibh gaolta an fhile i láthair. Guímis gach rath ar an leabhar, ar an dtaispeántas álainn le Seán Ó Flaithearta, is ar Chló Iar-Chonnacht a d'fhoilsigh an leabhar céanna.

Breis eolais: www.cic.ie

Pól Ruiséal, Stiúrthóir IGL, COC, Seán Ó Coileáin, Ollamh Emeritus le Nua-Ghaeilge, Dr. Louis de Paor, OÉG, Seán Ó Flaithearta, Ealaíontóir agus Deirdre Ní Thuathail, Bainisteoir Ginearálta, CIC.

Seán Ó Coileáin, Ollamh Emeritus le Nua-Ghaeilge, Dr. Louis de Paor, OÉG, agus muintir agus gaolta Sheáin Uí Ríordáin.

Seán Ó Coileáin, Ollamh Emeritus le Nua-Ghaeilge ag síniú leis ag an ócáid.

CLÁR FÓGRAÍ

Cúrsa Gramadaí

Ionad na Gaeilge Labhartha

Seomra: G01, ORB, UCC
Gach Aoine

Am: 12.00-13.00

Breis eolais: seanolaoi@ireland.com

Comórtas

Líon an bhearna:

"Don _____ úd i mBeithil"

Dearbhán €30 (An Post) an duais!

Seol do fhreagra chugam ag n.deburca@ucc.ie nó cuir do fhreagra go hOifig na Gaeilge Labhartha faoin 20 Eanáir.

Club Gaeilge UCC

Don fhoireann sa tSeomra caidrimh gach déardaoin 13.00

Fáilte roimh gach éinne

Cúinne Gaeilge Ghael-taca

Gach Céadaoin
15.30

caife *Farmgate*
Margadh na Sacsan

Tuilleadh eolais:
021-4310841
Fáilte roimh chách

Más mian le héinne alt, léirmheas, dán nó fógra a scríobh don chéad eagrán eile cuir do phíosa go hOifig na Gaeilge Labhartha nó cuir ríomhphost chugam ag n.deburca@ucc.ie. Nollaig faoi shéan is faoi mhaise dhaoibh go léir.